[Féach ar an ríomhphost seo i do bhrabhsálaí]







*Tuarascáil ar dhul chun chun cinn agus plaic ghnó suiteáilte ag Bácús*

# Dóchas faoin 'solas glas' don Gheopháirc

## Cinneadh ar an tuarascáil faoi bhráid UNESCO

Maidir leis an Tuarascáil ar Dhul chun Cinn i ndáil le comhlíonadh chuile mholta chun stádas Geopháirce Domhanda a bhaint amach, tá an-áthas orainn a fhógairt gur cuireadh faoi bhráid rúnaíocht Gheopháirceanna UNESCO ag deireadh mhí Iúil í. Tabharfar breith ar an iarratas agus an Tuarascáil ar Dhul chun Cinn i ndáil le Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair (DSLI) ag cruinniú Chomhairle na nGeopháirceanna Domhanda sa tSile go luath i mí Mheán Fómhair. Beidh geolaí na Geopháirce DSLI, Benjamin Thébaudeau, agus an geolaí sinsearach Clare Glanville ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann i láthair ag an gcruinniú. Má bhíonn chuile rud i gceart, gheobhaimid moladh "solais ghlais" sa tSile, rud a chuirfear ar aghaidh chuig Bord Feidhmeannach iomlán UNESCO théis sin lena dhaingniú in earrach na bliana 2026.

Idir an dá linn, tá na comharthaí go léir táirgthe, seachadta agus réidh againn chun a suiteáil a chur i gcrích thar na seachtainí atá amach romhainn. Áirítear leo sin plaiceanna comhpháirtí gnó na 13 ghnólacht a bhfuil measúnú déanta orthu agus a shínigh comhpháirtíocht 2 bhliain leis an nGeopháirc. Tá lógó na nGeopháirceanna greanta ar na plaiceanna cearnacha aolchloiche sin, agus nóta dátheangach "Comhpháirtí na Geopháirce" scríofa orthu. Tá comharthaí donna bealaigh isteach agus pobail á gcur suas i gCo. na Gaillimhe (comharthaí a suiteáladh i gCo. Mhaigh Eo roimhe seo). Tá léachtáin as cruach corten a bhfuil painéil tharraingteacha faisnéise orthu á suiteáil i naoi gcinn dár bpríomh-gheoshuíomhanna (láithreáin spéise). Lorgaíodh comhairle na bpobal áitiúil i dtaca le dearadh grafach na bpainéal sin arna gcoimisiúnú ag Fáilte Ireland. Is iad Comhairlí Contae na Gaillimhe agus Mhaigh Eo atá i mbun shuiteáil na gcomharthaí donna agus na léachtán mar dheonacháin chomhchineáil don Gheopháirc, a bhfuilimid fíorbhuíoch díobh astu.

Coinnigh suas chun dáta tríd an suíomh gréasáin geopháirce [www.joycecountrygeoparkproject.ie] agus na meáin shóisialta / facebook agus Instagram @JCWLGeopark



*Painéal eolais san gheoshuíomh na deirceanna*

# Radharc álainn ar na Deirceanna

## Gleann Abhainn Bhrain ó Dhrioglann Loch Measca

An painéal sealadach faisnéise atá i limistéar carrchlóis Dhrioglann Loch Measca agus a bhaineann leis na Deirceanna/Gleann Abhainn Bhrain, luaigh measúnóirí UNESCO é mar eiseamláir de na comharthaí ar cheart a ndearadh agus a rochtain phoiblí a fheabhsú. Mar a léirítear sa ngrianghraf thuas é, táthar théis an moladh sin a chur i bhfeidhm. A bhuí le geata beag féindúntach saincheaptha, is féidir rochtain iomlán a fháil ar ghairdín tarraingteach agus radharc álainn ar Ghleann Abhainn Bhrain, gleann a múnlaíodh thar na 2.5 milliún bliain is déanaí de dheasca leá agus bogadh oighearshruthanna. Cuirtear sonraí eile ar fáil sa bpainéal athdheartha faisnéise, lena n-áirítear maidir le coirí na nDeirceanna. Tá binse beag ann fiú chun ligean do chuairteoirí suí síos, amharc amach agus machnamh ar an saol mar atá inniu agus mar a bhí fadó. Míle buíochas le lucht na scéimeanna oibre áitiúla as cabhrú leis an ngeoshuíomh agus an gairdín a “mhionchoigeartú”, mar aon le hÚdarás na Gaeltachta agus Drioglann Loch Measc as tacú go haigeanta leis an smaoineamh.



*Imeacht líonra gnó na Geopháirce*

# Oiliúint ghnó inár bpobail

## Ag díriú ar ghnóthaí nuathionscanta agus fiontair reatha

Mar a nótáladh inár nuachtlitir earraigh é, tá súil againn cistiú LEADER (naisc idir gníomhaíochtaí um fhorbairt gheilleagar na tuaithe) a urrú faoi dheireadh na bliana 2025 chun oiliúint/meantóireacht gnó nua do dhaoine ó na 20 pobal den Gheopháirc a leathadh amach go luath in 2026 agus ar aghaidh. “Tionscadal comhoibrithe” a bheadh sa gclár oiliúna, a dtacódh FÓRAM Chonamara agus Comhlacht Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo araon leis (agus an dara ceann acu i gceannas air). Agus ar ndóigh, beidh a fhios againn faoin bhfómhar seo an ndaingneofar an Gheopháirc i gcomhair stádas mar Gheopháirc Dhomhanda de chuid UNESCO an t-earrach seo chugainn. Ba thráthúil go ndaingneofaí é ag an am sin chun cabhrú leo siúd a bhfuil smaoineamh maith acu le haghaidh gnó nua i bpobail na Geopháirce, d’fhonn go gcuirfí oiliúint shaincheaptha orthu chun beart a chur le briathar. Ar mhaithe le measúnú na riachtanas oiliúna, chuireamar suirbhé gearr ar líne (atá nasctha anseo) thart i measc na n-ionadaithe teagmhála pobail agus na gComhairlí Pobail chun an scéal a scaipeadh (ar na meáin shóisialta, i nuachtlitreacha paróiste, ó bhéal go béal srl.) agus chun freagraí ar an suirbhé a spreagadh. Níl ach 10 gceist (7 gceist ticbhosca agus 2 cheann le freagra gearr téacs a thabhairt orthu) sa suirbhé, a bheidh fós oscailte go dtí an 29 Lúnasa. Is féidir leat an suirbhé a chomhlánú má bhíonn smaoineamh agat le haghaidh gnó nua agus cónaí ort i gceann de phobail na Geopháirce nó más mian leat gnólacht a shocrú sa nGeopháirc i réimse amhail fáilteachas, eispéiris/taitneamhachtaí/seirbhísí óige, cultúr/oidhreacht, seirbhísí comhshaoil, miondíol áitiúil srl. Táimid ag machnamh freisin ar dheiseanna cistithe ó Fáilte Ireland i gcomhair clár oiliúna chun cabhrú le fás agus neartú inmharthana na ngnólachtaí atá sa Gheopháirc cheana. Tuilleadh eolais faoi seo roimh an Nollaig.




*Ag féacháint ar shaol feithidí ó shampláil-cíc sa shrúthán i gCeapach na gCapall*

# Lá na Bithéagsúlachta Gníomhaí

## Réimse iontach gníomhaíochtaí seachadtha

Bíonn go leor cainte sa lá atá inniu ann faoi bhagairtí agus dúshláin bhithéagsúlachta agus, ar an dea-uair, an rath chun iad a shárú. Chuige sin, d'eagraigh grúpaí éagsúla den Gheopháirc seisiún tráthnóna ag deireadh mhí an Mheithimh ag Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh (IOOA) Cheapach na gCapall, an Fhairche, chun cur le feasacht phoiblí ar an mbithéagsúlacht agus gníomhartha bainteacha allamuigh, go háirithe i gcomhair gasúr agus daoine óga. San áireamh sna trí sheisiún tráthnóna a bhí dírithe ar aos na Scoile Náisiúnta, bhí tóraíocht iontaisí (faoi stiúradh gheolaí na Geopháirce, Benjamin), sampláil chiceála fionnuisce (le hÉanna Hyland agus foireann LAWPRO) agus sainaithint bláthanna fiáine (Ciara Burke). Bhí gasúir ó Scoileanna Náisiúnta na Cloiche Brice agus na Fairche agus a dtuismitheoirí i measc líon mór na rannpháirtithe. Faoi chóitseáil oiliúnóirí Cheapach na gCapall ag an am céanna, tugadh ceachtanna seaschéaslóireachta (SUP) do ghasúir níos sine. Seoladh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta na Fairche, 2025-2030, ag deireadh an tráthnóna (leigh tuilleadh sios). Théis dinnéar éadrom fáilte, óstáladh Fóram Comhshaoil na Geopháirce ag grúpa deonach trasphobail Geotreallús (GeoEnterprise) chun iniúchadh a dhéanamh ar smaointe i gcomhair gníomhartha nua ar fud na 20 pobal den Gheopháirc. Is é Geotreallús DSLI i gcomhar le Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo (CDS Teo) a d'óstáil Lá na Bithéagsúlachta Gníomhaí, ar cuireadh tacaíocht ó Fondúireacht Phobail Éireann agus Pride of Place na Fairche, ionchur flaithiúil ó LAWPRO agus sár-áiseanna agus sárfhoireann IOOÉ Cheapach na gCapall ar fáil ina leith.




*Scáileán den suíomh gréasáin nua GeoSite leis na huirlisí oideachais dhigitigh nua*

# Uirlisí nua digiteacha don oideachas

## Acmhainní teagaisc gréasánbhunaithe a fhorbairt

Leanadh go sciobtha den obair ar thionscadal an Gheoshuímh Erasmus+ ón gcruinniú oibre deireanach a bhí againn san Iodáil go luath san earrach. Tá ábhar an tsuímh gréasáin agus na n-uirlisí digiteacha tugtha chun críche, nach mór, agus táthar i mbun iad a aistriú go chuile theanga náisiúnta de chuid chomhpháirtithe an tionscadail, lena n-áirítear an Ghaeilge. Is éard atá sna huirlisí nua ná turais fhíorúla pháirce ar gheoshuíomhanna ar deacair rochtain a fháil orthu i chuile cheann de na ceithre gheopháirc rannpháirteacha, tacar de cheisteanna simplí chun comhrá le daltaí a thionscnamh atá le húsáid sa seomra ranga nó taobh amuigh agus uirlis amlíne geolaíochta chun cabhrú le haois an domhain agus stair gheolaíocht áitiúil na ngeopháirceanna a léirshamhlú. Áirítear faisnéis do mhúinteoirí maidir le cur chuige oideolaíoch um fhoghlaim ghníomhach, pleananna ceachta samplacha agus treoirlínte d’fhoireann na ngeopháirceanna a bhfuil baint acu leis an oideachas iontu freisin. Tá an bhliain deiridh sroichte ag an tionscadail anois agus tástálfar an suíomh gréasáin nua sin lena bheachtú in éineacht le múinteoirí a bhíonn ag gabháil do na ceithre gheopháirc rannpháirteacha. Comhroinnfear ar bhonn níos leithne le geopháirceanna eile san Eoraip é freisin chun cabhrú leis na hacmhainní oideachais dhigitigh a chur i dtoll a chéile agus a fheabhsú.



*Geolaí na Geopháirce ag cur i láthair i Músaem Cathrach na Gaillimhe*

# Ag leathnú ár réimse oideachais

## Comhpháirtíocht nua le Corrib Beo

I mí na Bealtaine den bhliain seo, d'iarr Corrib Beo – an eagraíocht phobail a bunaíodh chun folláine shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil Réigiún na Coiribe a chur chun cinn – ar gheolaí na Geopháirce léiriú a dhéanamh le linn a shraithe cainteanna earraigh i Músaem Cathrach na Gaillimhe. Cuireadh an Gheopháirc agus a gníomhartha agus oidhreacht gheolaíochta an réigiúin i láthair le linn an léirithe. Mar thoradh air sin freisin, reáchtáladh cruinniú idir Corrib Beo, Geotreallús DSLI (GeoEnterprise - eagraíocht trasphobail na Geopháirce) agus foireann na Geopháirce chun comhpháirtíocht níos láidre a phlé. Théis sin, d'iarr Corrib Beo ar fhoireann na Geopháirce a bheith páirteach ina thionscadal um fhíseán ilfhónach faoi cheantar na Coiribe, atá le seoladh ar Oíche Chultúir (Dé hAoine, an 19 Meán Fómhair) i dTeach Cúirte Uachtar Ard.

Sa ráithe is déanaí freisin, rinne mic léinn ó dhá ollscoil de chuid SAM cuairt ar réigiún na Geopháirce: Ollscoil James Madison as Virginia agus Ollscoil Notre Dame (Indiana), a bhfuil campas ag Mainistir na Coille Móire ag an dara ceann acu. Rinne na hollscoileanna rannpháirtíocht leis an nGeopháirc chun éascaíocht a dhéanamh ar thurais pháirce sa réigiún agus chun bualadh le speisialtóirí áitiúla, lena n-áirítear geolaí na Geopháirce. Lena chois sin, reáchtáladh cúrsa ambasadóirí na Geopháirce arís do rang na gcranneolaithe atá i mbun staidéir in ionad BOOGR ag Ceapach na gCapall. Sa gcúrsa saor in aisce sin, cabhraítear le feasacht a chothú ar shaibhreas an réigiúin mar aon leis an oidhreacht gheolaíochta níos leithne in Éirinn. Tá 143 ambasadóir oilte ag an nGeopháirc anois. Cuirtear seisiúin bhreise den chúrsa ar fáil gach bliain. Déan teagmháil le geolaí na Geopháirce chun do spéis a léiriú.



*Foirne ACRES West Connacht ag cur i láthair sa feirm oscailte i gCorr na Móna*

# Ócáid siúlóide feirme le Teagasc

## Deiseanna éagsúlaithe d'ioncam feirme

Is tábhachtach go ndéanann an Gheopháirc rannpháirtíocht le feirmeoirí agus úinéirí talún eile ó thaobh na Geopháirce agus na ndeiseanna a d'fhéadfadh teacht as stádas UNESCO de. Chuige sin, ghlac foireann na Geopháirce páirt i Siúlóid Feirme le Caoirigh Sléibhe i mí an Mheithimh ar réadmhaoin Peadar agus Carol Seoighe, Corr na Móna, Co. na Gaillimhe. Is le gnáthchúrsaí feirmeoireachta a bhain an t-imeacht tráthnóna – labhair tréidlia faoi fhadhbanna coitianta sláinte ainmhíche, nuashonrú ó thogra nua póraithe caorach agus scéim timpeallachta-aeráide ACRES agus labhair an Fhoireann um Chúrsaí Orgánacha de chuid Teagasc faoi chórais táirgthe ionchuir ísil. Iarradh ar fhoireann na Geopháirce labhairt freisin faoina ndéanann geopháirceanna go díreach agus, go sonrach, faoin tairbhe a d'fhéadfaí a dhéanamh d'úinéirí talún as bheith suite i nGeopháirc Dhomhanda de chuid UNESCO. Áit thar cionn don imeacht sin roimh thart ar 25 rannpháirtí ab ea an tírdhreach álainn óna bhfuil radharc amach ar chnoic agus loch ghabháltas feirme Sheoigheach. Cuireadh na rannpháirtithe ar an eolas faoi dheiseanna do ghnólachtaí beaga/micreaghnólachtaí, lena n-áirítear lóistín feirme, fáilteachas, siúlóidí treoraithe, tairbhí sláinte, spóirt uisce, oidhreacht agus gníomhartha cultúrtha srl. D'fhoghlaim siad freisin faoin bhflúirse spéise atá le fáil i stair gheolaíochta an réigiúin agus faoin tionchar a bhí agus atá fós aici ar an bhfeirmeoireacht agus an modh maireachtála. Agus tarraingíodh aird ar an bhfonn scéalaíochta agus léargais a bheadh ar líon mór na gcuairteoirí atá ar bís le breathnú thart ar thuath álainn iarthar na hÉireann. Bealach iontach chun dáimh a chothú i measc an lucht freastail ab ea na dreasa cainte thar chupáin tae ag deireadh na

siúlóide. Táimid buíoch de Teagasc agus muintir Seoighe as an imeacht a óstáil.

---



*Siúlóid oidhreachta ag an Seanbhóthar*

# Ár dtírdhreach éagsúil á fhiosrú

## Imeachtaí poiblí le linn an tsamhraidh

Iarradh ar an nGeopháirc páirt a ghlacadh i bhFéile Bhaile an Róba i mí Iúil trí léiriú i bpáirt le Cumann Dobharcheantar Loch Ceara (CDLC). Thug an bheirt acu léargas ar oidhreacht tírdhreacha an réigiúin, agus iad ag díriú go háirithe ar réigiún na Geopháirce atá taobh thoir de na lochanna agus ar Loch Ceara. Ansin phléigh CDLC leis na bagairtí atá á gcur ar Loch Ceara agus an chaoi a bhfuil siad ag tabhairt aghaidh orthu, trí thionscadal LIFE Loch Ceara den chuid is mó. Bhí freastal maith ar an léiriú lenar spreagadh an-spéis san ábhar.

Tháinig Seachtain na hOidhreachta chun críche le déanaí ar an 24 Lúnasa, ar lena linn a reáchtáladh roinnt imeachtaí i bpobail na Geopháirce agus bhí imeachtaí eile á reáchtáil ag pobail Bhaile an Róba agus Uachtar Ard. In ionad pobail Achadh Ghobhair, reáchtáil an Gheopháirc léiriú faoin oidhreacht gheolaíochta áitiúil a raibh freastal maith air. As sin freisin a eagraíodh siúlóid speisialta ar an Seanbhóthar idir Corr na Móna agus an Fhairche, rud a chabhraigh le daoine cuimhneamh ar aois an domhain de réir scála milliún bliain in aghaidh an mhéadair a siúladh (4.6km in aghaidh stair iomlán an phláinéid). D’fhreastail buíon mhaith ó Club Siúlóide na Gaillimhe ar an tsiúlóid in éineacht le daoine eile as pobail áitiúla. Oireann an chonair náisiúnta sin go foirfe do thaiscéalaíocht domhain-ama den sórt sin, agus na siúlóirí in ann taitneamh a

bhaint as an radharc ar Bhinn Shléibhe ar thaobh amháin agus Loch Coirib ar an taobh eile i rith an eispéiris.



*Bolláin réidh le himscaradh feadh na conaire*

# Acmhainn oideachais i dTuar Mhic Éadaigh

## Eolaithe na todhchaí á spreagadh...

Tá an Gheopháirc ag forbairt tacar nua comharthaí do Choillte Thuar Mhic Éadaigh chun dul le cnuasach de bholláin atá mar phríomhchineálacha carraigeacha réigiún na Geopháirce. Tá an bonneagar nua sin á chistiú ag Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann trína Scéim um Dheontais Gheo-oidhreachta agus á chruthú i bpáirt le Coillte agus an coiste áitiúil i dTuar Mhic Éadaigh. Suiteálfar na naoi mbollán go rialta feadh na príomhchonaire ón gcarrchlós go dtí an t-eas, agus suíomh breise suite díreach os cionn an easa lena ndíreofar aird ar an mbunchloch áitiúil. Cuirfear painéal dátheangach le chuile bhollán lena ndéanfar cur síos ar a phríomhthréithe agus a tionchar ar thaobh próisis gheolaíochta san am atá thart de. Tabharfar bileoga breise gníomhaíochta oideachais do chuairteoirí óga a thabharfaidh faoin tsiúlóid. Tá cruthú an chonair faoi lánseol anois, agus na painéil dréachtaithe agus formhór na mbollán tugtha isteach ar an láthair. A luaithe a bheidh chuile bhollán seachadta, suiteálfaidh Coillte feadh na conaire iad. Seolfar na painéil go luath lena bhfaomhadh agus táirgfear iad théis sin. Osclófar an chonair nua gheo-éagsúlachta faoi dheireadh na bliana 2025.



*Seoladh den Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta na Fairche 2025-2030*

# Pleananna bithéagsúlachta inár bpobail

## Dul chun cinn sa bhFairche, Tuar Mhic Éadaigh

Rinne dhá phobal ar a laghad de chuid na Geopháirce dul chun cinn ar ghníomhartha bithéagsúlachta le roinnt míonna. Seoladh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta (PGB) don Fhairche agus don Chloch Bhreac, 2025-2030, le linn lá gníomhaithe ag Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Cheapach na gCapall sa cheantar áitiúil i mí an Mheithimh. Baineann míreanna áirithe den phlean cuimsitheach sin, a ullmhaíodh thar ceann Chomhairle Pobail na Fairche agus an ghrúpa Pride of Place áitiúil, leis an talamh agus a oidhreacht, suirbhéireachtaí agus fardail, ainmniúcháin suímh (AE agus náisiúnta), anailís LLDB agus comhairliúchán poiblí. Clúdaítear speicis ionracha, pailneoirí, feasacht phoiblí, forbairt gairdín coille, truailliú solais, cáilíocht uisce agus coillearnaigh agus fáil sceach le tacar na seacht ngníomh atá ann. Baineann cuid dá mhíreanna le ceangail (áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta) agus faisnéis faoi chistiú féideartha. Áirítear roinnt aguisíní agus foinsí faisnéise ann freisin. San am céanna, tá céim níos luaithe dá PGB bainte amach ag lucht Thuar Mhic Éadaigh. Théis siúlóid tosaigh éiceolaíochta maidir le suirbhéireachtaí, bhuail an t-éiceolaí le baill de choistí áitiúla agus shiúil siad le chéile thar an sráidbhaile chun tionscadail fhéideartha a phlé agus chun smaoineamh ar ghníomhartha. Chuir an t-éiceolaí léarscáiliú i gcrích ar ghnáthóga an limistéir. Rinneadh suirbhéireacht deisce ar thaifid bhithéagsúlachta an limistéir freisin. Bhí freastal maith ar shiúlóid dúlra chun Eas Choillte Thúr Mhic Éadaigh, lenar spreagadh feasacht ar an tionscadal agus an bhithéagsúlacht áitiúil. Tá Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Thuar Mhic Éadaigh le tabhairt chun críche in earrach na bliana 2026. Déan teagmháil le foireann na Geopháirce chun faisnéis a fháil faoin dul chun cinn bithéagsúlachta i bpobail eile na Geopháirce.



*Póstaer don Tóraíocht Mhór Iontaise Éireannach*

# Ainmhithe ársa sna clocha colbha

## Oidhreacht shaibhir iontaisí in Éirinn

Tá an Gheopháirc ag dul i bpáirt le Oidhreacht Iontaisí na hÉireann, ar clár for-rochtana ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh é, chun cabhrú le haird a dhíriú ar líonta móra na n-iontaisí a fheictear in Éirinn. Is ionann iontaisí agus iarsmaí plandaí nó ainmhithe a buanaíodh i bpáirt théis dóibh a bheith curtha faoi dhríodair (gaineamh, gairbhéal nó láib) agus a ndearnadh cuid de charraig dhríodair díobh. De bharr aois agus chineál ár gcarraigeacha, tá roinnt iontaisí an-spéisiúil in Éirinn a bhíonn le feiceáil le linn siúlóid thar an talamh nó i measc clocha foirgnimh nó colbha. As aolchloch ón tréimhse Charbónmhar (idir 360 agus 300 milliún bliain ó shin) a tógadh formhór chathracha agus bhailte na hÉireann, cloch ina mbíonn cuid mhór samplaí de choiréal, débhlaoscaigh (amhail oisrí) nó gastrapóid (amhail seilidí) mar iontaisí. Aimsítear iontaisí i gcarraigeacha eile freisin, áfach, amhail an cosán teitreapóid (4 troithe) a bhfuil cáil dhomhanda air nó an lorg coise iontaise ar thángthas air i ngaineamhchloch Dheavónach (thart ar 400 milliún bliain ó shin) ar Dhairbhre i gCo. Chiarraí.

Thiomsaigh tionscadal Oidhreacht Iontaisí na hÉireann léarscáil de shuíomhanna iontaisí atá in Éirinn, agus na cinn ar féidir agus nach féidir cuairt a thabhairt orthu á sonrú go háirithe inti. Luaigh an lucht sin geoshuíomh chosán

aolchloiche na Fairche atá sa nGeopháirc, mar shampla, agus thóg siad conair uirbeach i gcomhair Bhaile an Róba freisin chun gur féidir le daoine breathnú ar na hiontaisí sna clocha foirgnimh ansin. Leis an tionscadal freisin, ceapadh roinnt gníomhaíochtaí idirghníomhacha seomra ranga a bheidh le húsáid ag an nGeopháirc (agus comhpháirtithe eile) le linn cuairteanna scoile sa todhchaí. Ina theannta sin, tá Tóraíocht Mhór Iontaisí na hÉireann, ar tionscadal eolaíochta saoránach í, ar siúl go deireadh mhí Lúnasa. Leis sin, iarrtar ar dhaoine grianghraif a ghlacadh d'iontaisí a fhaightear sa bhaile, ina bpobal féin nó le linn siúlóid feadh conairí, d'fhonn iad a chomhroinnt ar shuíomh gréasáin an tionscadail lena gcur leis na léarscáileanna. Bronnfar duaiseanna ar na grianghraif is fearr. Tuilleadh eolais ag https://www.ucc.ie/en/fossil-heritage/

TIONSCADAL GEOPHÁIRC
Dhúiche Sheoigheach
& Lochanna an Iarthair
JOYCE COUNTRY & WESTERN LAKES GEOPARK PROJECT

---

**Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair**

Halla Thuar Mhic Éadaigh, F12D990, Tuar Mhic Éadaigh
F: (+353) 094 9000245
R: info@jcwlgeopark.ie

Seoladh an ríomhphost seo chuig {{contact.EMAIL}}
Tá sé faighte agaibh toisc gur liostáil sibh lenár liosta postála.

Amharc sa bhrabhsálaí | Díliostáil

Sent with Brevo